

## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

### Aistear

*Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*  
*Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtas: Foghlaim agus forbairt tríd an súgradh (lgh. 56-57 agus 103-106), Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 28, 30, 42)*

### Caighdeán Síolta

2: *Timpeallachtaí*, C2.1, 2.2, 2.3, 2.5, 2.6, 2.7  
*Achoimre Thaighde* nasctha leis an *gCaighdeán thuasluaite*

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

Cabhróidh **an Uirlis Féinmheastóireachta** seo leat machnamh a dhéanamh ar an timpeallacht foghlama, laistigh agus lasmuigh aron, a sholáthraíonn tú mar chleachtóir aonair nó mar bhall d'fhoireann.

### 1. Tá an uirlis seo roinnte ina **5 ghné**.

- Leagan amach fisiceach laistigh
- Taispeántais laistigh
- Acmhainní laistigh
- Leagan amach fisiceach lasmuigh
- Acmhainní lasmuigh

### 2. Tá **sraith ráiteas** ag gabháil le gach gné. I ndáil le gach ráiteas, roghnaigh cé acu seo is fearr a léiríonn do chleachtas reatha.

Fianaise ar bith	Is annamh a dhéanaim é seo.
Roinnt fianaise	Déanaim é seo má chuimhním air/nuair a chuimhním air.
Fianaise shuntasach	Déanaim iarracht é seo a dhéanamh chomh minic agus is féidir liom.
Fianaise chuimsitheach	Déanaim é seo an chuid is mó den am.

Más mian leat nótaí a bhreacadh síos maidir le haon cheann de na ráitis, úsáid an bosca atá ann chuige sin.

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

3. Feicfidh tú **Noda machnaimh** tar éis gach gné. Agus tú ag déanamh machnaimh orthu seo, smaoinigh ar do chleachtas — ar a ndéanann tú agus ar an gcaoi a ndéanann tú é. Cabhróidh sé seo leat a aithint cé na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo agus na dúshláin laistigh de gach aon ghné.
4. Breac síos na hathruithe is mian leat a dhéanamh.
5. Tar éis duit an Uirlis Féinmheastóireachta a úsáid, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú duit breathnú ar na leathanaigh Samplaí agus Smaointe don Chleachtas agus Acmhainní le Comhroinnt ar [aistearsiolta.ie](http://aistearsiolta.ie).
6. Cabhróidh an Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta sa rannán, Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta leat pleanáil le haghaidh na n-athruithe ar leith a shocróidh tú a dhéanamh.

Ainm an  
Chleachtóra

Dáta

LL/MM/BB

## Gné 1: Leagan amach fisiceach laistigh

Cabhraíonn timpeallacht oiliúnach, ach atá dúshlánach agus spreagthach chomh maith, le naíonáin agus le lapadáin fás agus forbairt. Ní mór don timpeallacht seo bheith idir struchtúrtha agus sholúbtha, agus is cóir di bheith galánta agus suimiúil freisin, agus go leor ábhair nádúrtha, cheannoscailte bheith inti. Cuirtear spásanna ar fáil do naíonáin agus do lapadáin le cur ar a gcumas súgradh ina n-aonar nó ina ngrúpaí beaga. Tugtar deiseanna dóibh iad féin a chur in iúl, bogadh, fiosrú agus smaoineamh, bheith cruthaitheach agus a gcuid foghlama a chur chun cinn.

Ár dtimpeallacht foghlama laistigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
1 tá an spás roinnte ina <b>limistéir súgartha lipéadaithe</b> amhail limistéar forbartha, limistéar súgartha mhíshlachtmhair, limistéar compordach, limistéar tógála, limistéar don súgradh samhlaíoch.					
2 tá na limistéir a thacaíonn le <b>gníomhaíochtaí cosúla</b> in aice lena chéile, mar shampla, tá an limistéar súgartha mhíshlachtmhair gar don doirteal.					
3 cuirtear san áireamh <b>na hábhair spéise</b> atá ag na naíonáin agus ag na lapadáin faoi láthair.					
4 tá a dhóthain <b>spáis</b> ann le cur ar chumas na naíonán agus na lapadán bogadh ó áit go háit gan stró agus ábhair a bhogadh freisin, mar shampla, trucaílí a bhogadh ón limistéar don súgradh samhlaíoch go dtí an limistéar gainimh.					
5 cuireann <b>leagan amach an tseomra</b> ar chumas naíonán agus lapadán súgradh ina n-aonar, le duine fásta, ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga.					

## Gné 1: Leagan amach fisiceach laistigh

	Ár dtimpeallacht foghlama laistigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
6	tá <b>spásanna compordacha</b> ann inar féidir le naíonáin agus le lapadáin a scíth a ligean ina n-aonar nó le duine lárnach le suíocháin chompordacha, mar shampla, chun leanbh a chothú le buidéal, scéalta a léamh amach nó compord a sholáthar.					
7	tá <b>cró folaigh</b> nó áit ann inar féidir le lapadáin dul gan bheith le feiceáil, dar leo.					
8	tá <b>scátháin</b> ann ar airde linbh agus tá fáil ar scátháin láimhe chomh maith.					
9	tá <b>rochtain</b> ag gach naíonán agus lapadán, iad siúd atá faoi mhíchumas san áireamh, ar bhréagáin, ar threalamh agus ar ábhair (atá nádúrtha nuair is féidir).					
10	tá spásanna sábháilte ann, ina bhfuil mataí neamhsciorracha, inar féidir le naíonáin <b>casadh thart, lámhacán agus siúl</b> .					
11	tá ráillí, greimbharraí agus troscán storrúil ann ar féidir le naíonáin iad a úsáid chun <b>iad féin a tharraingt aníos go sábháilte</b> .					

## Gné 1: Leagan amach fisiceach laistigh

Ár dtimpeallacht foghlama laistigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chuímsitheach	Nótaí
12 tá sleamhnáin, seilfeanna, tolláin, céimeanna agus rampaí ann ar féidir <b>dreapadh</b> suas orthu, tríothu, tharstu agus isteach iontu.					
13 tá na ballaí péinteáilte i <b>ndath neodrach</b> gan mhúrphictiúir ná dathanna láidre.					
14 tá an spás <b>dea-shoilsithe</b> , leis an méid is mó solais nádúrtha agus is féidir, agus tá réimse soilse laistigh ann – íslitheoirí, lampaí agus soilse sí.					
15 tá <b>aerú maith</b> ann, mar shampla, fuinneoga ar féidir iad a oscailt agus gaothráin nó aerchóiriúchán le haghaidh aimsir the.					
16 ní chloistear <b>mórán torainn ón gcúlra</b> .					
17 tá dromchlaí éagsúla <b>ar an gclúdach urláir</b> , amhail dromchlaí compordacha agus dromchlaí míne.					

## Gné 1: Leagan amach fisiceach laistigh

	Ár dtimpeallacht foghlama laistigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chuímsitheach	Nótaí
18	tá <b>bogfheisteas</b> ann, amhail rugaí, cúisíní agus éadaí boird, agus tá plandaí agus bláthanna úra ann freisin.					
19	tá <b>seomraí codlata</b> ann ina bhfuil fuinneoga chun súil a choinneáil ar leanaí, monatóirí, soilsíú bog, agus áit stórála le haghaidh mataí agus éadaí leapa.					
20	tá <b>ionaid chun clúidíní a athrú</b> ann atá feistithe go cuí.					
21	tá <b>fuinneoga ar leibhéal íseal</b> ann ionas gur féidir le naíonáin agus le lapadáin breathnú amach.					
22	tá <b>spás stórála</b> ann d'earraí gach linbh lena n-áirítear grianghraf agus ainm an naíonáin nó an lapadáin.					

## Gné 1: Leagan amach fisiceach laistigh

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** maidir le leagan amach fisiceach laistigh ar ardchaighdeán a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat chun an leagan amach fisiceach laistigh seo a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta**

LL/MM/BB

## Gné 2: Taispeántais laistigh

Léiríonn taispeántais cúlraí, cultúir, agus teangacha éagsúla (an Ghaeilge san áireamh) na naíonán agus na lapadán uile d'fhonn nasc a chothú idir an baile agus an suíomh. Cuimsíonn na taispeántais grianghraif ón mbaile agus grianghraif d'eispéiris a bhraith na leanaí sa suíomh, rud a léiríonn meas do na heispéiris sin agus a ligeann do na naíonáin agus do na lapadán dul siar ar bhóithrín na smaointe. Bíonn taispeántais bhalla, dialanna grúpfhoghlama agus foghlama aonair, agus scéalta foghlama tábhachtach i leith comhrá a spreagadh agus i dtaca le comhroinnt faisnéise a éascú idir leanaí, cleachtóirí agus tuismitheoirí.

Cuimsíonn ár dtaispeántais lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
<b>1</b> <b>grianghraif</b> de dhaoine muinteartha de chuid na naíonán agus na lapadán, de dhaoine eile a bhfuil tábhacht ag baint leo ina saol, agus de pheataí, agus iad ar taispeánt go híseal ar an mballa i 'gciúbanna' nó in albaim.					
<b>2</b> <b>ealaín, pictiúir agus grianghraif</b> de naíonáin agus de lapadán ag súgradh agus iad ar taispeánt in áit ar féidir leo iad a fheiceáil go héasca. Tá ainm agus dáta orthu sin agus déantar iad a athrú go rialta.					
<b>3</b> <b>láthair faisnéise</b> do thuismitheoirí.					
<b>4</b> <b>cláir cáipéisí nó limistéir thaispeántais</b> , ar a dtaispeántar: <ul style="list-style-type: none"> <li>• eispéiris foghlama</li> <li>• cúlraí, cultúir agus teangacha na naíonán agus na lapadán</li> <li>• an pobal áitiúil</li> </ul>					
<b>5</b> <b>ábhair, stóras agus saoráidí amhail leithris, lipéadaithe</b> le pictiúir agus le focail.					



## Gné 2: Taispeántais laistigh

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** maidir le taispeántais laistigh ar ardchaighdeán a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat chun taispeántas laistigh ar ardchaighdeán a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta**

LL/MM/BB

## Gné 3: Acmhainní laistigh

Trí iniúchadh a dhéanamh ar ábhair agus ar acmhainní éagsúla agus trí bheith ag súgradh leo, cuirtear ar chumas naíonán agus lapadán roghanna a dhéanamh faoi na rudaí ar spéis leo iad. Cabhraíonn na deiseanna sin leo a n-inniúlacht agus a muinín mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt. Ba cheart go mbeadh na hacmhainní sin déanta as ábhair nádúrtha nuair is féidir, agus ba cheart teorainn a chur leis an méid plaistigh a úsáidtear. Is féidir míreanna ceannoscailte a úsáid ar bhealaí éagsúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla, agus spreagann siad naíonán agus lapadán chun iniúchadh a dhéanamh agus chun smaoineamh.

Cuimsíonn ár n-acmhainní lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
<p><b>1</b> réimse trealaimh, bréagán, agus míreanna eile a úsáideann oiread <b>ábhar nádúrtha</b> agus is féidir chun tacú le cineálacha éagsúla súgartha – cruthaitheach, teanga, fisiciúil, agus samhlaíoch.</p>					
<p><b>2</b> trealamh agus ábhair a léiríonn <b>ilchineálacht</b>, lena n-áirítear cumas, inscne, eitneachas agus struchtúr teaghlaigh.</p>					
<p><b>3</b> trealamh <b>chun an Ghaeilge agus cultúr agus oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn</b>, mar shampla, dlúthdhioscaí agus uirlisí ceol traidisiúnta.</p>					
<p><b>4</b> trealamh agus ábhair a thacaíonn le naíonán agus le lapadán a bhfuil <b>riachtanas oideachais speisialta</b> acu, lena n-áirítear riachtanais fhisiciúla, chéadfacha, agus foghlama.</p>					
<p><b>5</b> <b>míreanna ón bhfíorshaol</b>, amhail cupáin, plátaí, taephotaí, spúnóga, sáspain, sluasaidíní agus scuaba, gutháin, rothaí stiúrtha, clogaid oibre, chomh maith le frapaí, amhail málaí, seáilíní agus bróga le húsáid ag naíonán agus ag lapadán.</p>					

## Gné 3: Acmhainní laistigh

Cuimsíonn ár n-acmhainní lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
<p><b>6</b> <b>stóras lipéadaithe le haghaidh trealaimh agus acmhainní</b> a bhfuil <b>uigeachtaí</b> éagsúla ag baint leo, mar shampla, ciseáin, stáin ar féidir le naíonáin agus le lapadáin teacht orthu.</p>					
<p><b>7</b> <b>ciseáin chiste</b> ina bhfuil míreanna d'uigeachtaí éagsúla amhail scuaba fiacla, lachain folctha, liathróid bhog, cíor, coirceoga guaise, scuab thaosráin.</p>					
<p><b>8</b> réimse páipéir, cairtchlár, criáin, cailc, cláir cailce, péinteanna, tacais, pinn luaidhe ramhra, irisleabhair agus puipéid chun tacú le <b>scileanna litearthacht éiritheach</b> i naíonáin agus i lapadáin.</p>					
<p><b>9</b> réimse clog, uimhreacha adhmaid, maighnéadacha agus greanpháipéir, bloic ar mhéideanna éagsúla, liathróidí agus boscaí boga ar féidir iad a chur i gceann a chéile, a chur in ord, a fholmhú agus a athlínadh chun tacú le <b>scileanna uimhearthacht éiritheach</b> i naíonáin agus i lapadáin.</p>					
<p><b>10</b> réimse leathan <b>leabhar</b> atá oiriúnach do naíonáin agus do lapadáin, lena n-áirítear rainn do pháistí, preableabhair, leabhair 'ardaigh an flapa', agus leabhair storrúla a choinnítear ar sheilfeanna ísle, i gciseáin nó i mboscaí.</p>					
<p><b>11</b> uirlisí, dlúthdhioscaí, clingíní gaoithe agus croiteoirí chun iniúchadh a dhéanamh <b>ar an bhfuaim agus ar an gceol</b>.</p>					

## Gné 3: Acmhainní laistigh

Cuimsíonn ár n-acmhainní lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
<p><b>12</b> tralaithe agus bréagcharranna seasmhacha, malla is féidir le naíonáin a bhrú timpeall chun tacú leo agus iad ag foghlaim chun siúl.</p>					
<p><b>13</b> bréagáin le rothaí fúthu amhail carranna, tarracóirí agus trucailí beaga ar féidir rudaí a iompar iontu.</p>					
<p><b>14</b> ábhair nádúrtha amhail gaineamh, uisce, péint, taos súgartha agus gloop, mar aon le giuirléidí amhail crúiscíní, babhlaí, agus spúnóga tomhais.</p>					
<p><b>15</b> ábhair cheannoscailte amhail feadáin, dlúthdhioscaí, éadaí, lasca, Velcro, glais fraincín, clocha, coirc agus sliogáin d'uígeachtaí éagsúla amhail garbh, mín, bog, agus crua.</p>					
<p><b>16</b> ábhair agus trealamh atá dea-chothabháilte agus slán sábháilte.</p>					

## Gné 3: Acmhainní laistigh

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** maidir le hacmhainní laistigh ar ardchaighdeán a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat chun acmhainní laistigh ar ardchaighdeán a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainm an  
Chleachtóra**

**Dáta**

LL/MM/BB

## Gné 4: Leagan amach fisiciúil lasmuigh

Nuair a bhíonn naíonáin agus lapadáin amuigh faoin aer, tugtar deiseanna dóibh nascadh leis an dúlra agus dul i dtaithí ar na séasúir éagsúla. Ina theannta sin, nuair a bhíonn naíonáin agus lapadáin amuigh faoin aer, bíonn ar a gcumas rudaí a thógáil ar scála mór, páirt a ghlacadh i ngluaiseachtaí móra fisiciúla agus taitneamh a bhaint astu, amhail reathaíocht agus dreapadóireacht, bheith níos míshlachtmhaire agus níos glórmhaire, ach tá limistéir ann freisin le bheith ciúin, breathnú ar leabhair, agus breathnú ar a bhfuil ar bun mórthimpeall orthu. Cé gur fiúntach é roinnt limistéir spéise a bheith ann, tá sé tábhachtach freisin gur féidir le naíonáin agus le lapadáin a limistéir súgartha féin a chruthú agus a gcuid súgartha féin a chumadh.

Ár dtimpeallacht foghlama lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chuisitheach	Nótaí
<b>1</b> <b>úsáideann</b> naíonáin, lapadáin agus cleachtóirí <b>gach lá</b> í.					
<b>2</b> cuirtear ar chumas lapadán <b>súgradh ina n-aonar, ina mbeirteanna agus ina ngrúpaí beaga</b> nó le cleachtóirí.					
<b>3</b> tá <b>rochtain éasca</b> uirthi ón seomra súgartha laistigh, mar aon le rochtain éasca ar na hionaid chun clúidíní a athrú agus ar na leithris.					
<b>4</b> tá <b>sconna</b> nó foinse eile uisce in aice láimhe.					

## Gné 4: Leagan amach fisiciúil lasmuigh

Ár dtimpeallacht foghlama lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
5 tá a <b>dhóthain stórais</b> ann le haghaidh acmhainní lasmuigh.					
6 tá <b>cosaint ón aimsir</b> ann amhail scáthlán nó limistéar faoi dhíon chun foscadh a chur ar fáil ón ngrian sa samhradh agus ón mbáisteach sa gheimhreadh.					
7 tá sí roinnte ina <b>limistéir spéise</b> , mar shampla limistéar míshlachtmhar, limistéir le haghaidh bréagán a bhfuil rothaí fúthu, limistéar dreapadóireachta, limistéar tógála, limistéir inar féidir le leanaí tochair agus plandaí a chur, áiteanna chun dul i bhfolach, le bheith ciúin, le péinteáil nó le súgradh go samhlaíoch, agus éascaítear bogadh ábhar ó limistéar go limistéar freisin.					
8 tá spás sábháilte ann <b>inár féidir le naíonáin suí ar mhataí nó ar rugaí</b> agus breathnú ar leanaí eile.					
9 tá <b>réimse dromchlaí éagsúla</b> ann, lena n-áirítear féar agus spás oscailte inár féidir le lapadáin rith timpeall.					

## Gné 4: Leagan amach fisiciúil lasmuigh

### Noda machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** maidir leis an leagan amach fisiciúil lasmuigh do naíonáin agus do lapadáin.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat chun leaganacha amach fisiciúla lasmuigh a fhorbairt do naíonáin agus do lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



Ainm an  
Chleachtóra

Dáta

LL/MM/BB

## Gné 5: Acmhainní lasmuigh

Is iontach an acmhainn é an dúlra lasmuigh, agus tagann athrú air gach aon lá. Teastaíonn ó naíonáin agus ó lapadáin deiseanna chun dul i dtaithe ar an dúlra – chun taithe phearsanta a fháil ar an ngrían, an ghaoth, an bháisteach, an féar agus an ithir. Ag an am céanna, is féidir na hábhair a úsáidtear laistigh a úsáid lasmuigh freisin. Ba cheart do na hacmhainní sin dúshlán a thabhairt do naíonáin agus do lapadáin agus tacú lena scileanna, lena meonta, a luachanna agus a ndearcthaí atá i mbéal forbartha, agus a gcuid eolais agus túsceana freisin.

Cuimsíonn ár n-acmhainní lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chuímsitheach	Nótaí
1 <b>éadaí oiriúnacha lasmuigh</b> do naíonáin, lapadáin agus cleachtóirí, amhail buataisí rubair, cótaí agus brístí báistí, hataí, scaifeanna, lámhainní, hataí gréine, chomh maith le spás stórais atá oiriúnach lena n-aghaidh.					
2 <b>a dhóthain trealaimh, ábhair agus bréagáin éagsúla</b> (déanta as ábhair nádúrtha den chuid is mó agus ba cheart teorainn a chur leis an méid plaistigh a úsáidtear) chun tacú le cineálacha éagsúla súgartha amhail súgradh samhlaíoch, cruthaitheach, teanga agus fisiciúil.					
3 trealamh agus ábhair <b>a léiríonn ilchineálacht</b> , lena n-áirítear cumas, inscne, ilchineálacht eitneach agus struchtúr teaghlaigh.					
4 trealamh agus ábhair a thacaíonn le naíonáin agus le lapadáin a bhfuil <b>riachtanas oideachais speisialta</b> acu, lena n-áirítear riachtanais fhisiciúla, chéadfacha, agus foghlama.					
5 tolláin agus boscaí chun gur féidir le lapadáin <b>dreapadh agus lámhacán</b> a dhéanamh tríothu agus isteach iontu, mar aon le trírothaigh chun troitheáin a oibriú agus rothair gan troitheáin ar mhaithe leis an gcothromaíocht.					

## Gné 5: Acmhainní lasmuigh

Cuimsíonn ár n-acmhainní lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chuirmsitheach	Nótaí
<p><b>6</b> réimse <b>ábhair nádúrtha cheannoscailte</b>, amhail uisce, péint, bloic, clocha, chomh maith le gaineamh agus ithir chun tochailt agus plandaí a chur.</p>					
<p><b>7</b> clingíní gaoithe, croiteoirí agus ábhair eile chun iniúchadh a dhéanamh <b>ar fhuaimneanna agus ar cheol</b>.</p>					
<p><b>8</b> balla uigeachtaí, luibhghort nó spás inar féidir le naíonáin agus le lapadáin leas a bhaint as <b>a gcéadfaí chun iniúchadh a dhéanamh</b>.</p>					
<p><b>9</b> ábhair agus míreanna amhail crúiscíní, buicéid, rialóirí, meánna, trealamh déanta marcanna agus leabhair chun tacú le <b>scileanna éiritheach uimhearthachta agus litearthachta</b>.</p>					
<p><b>10</b> <b>scátháin sábháilteachta</b> ar leibhéal na naíonán agus na lapadán.</p>					
<p><b>11</b> spás inar féidir le daoine fásta agus le naíonáin agus lapadáin <b>suí go compordach</b> ag léamh leabhair nó ag breathnú ar a bhfuil ar bun mórthimpeall orthu, agus ina bhfuil bord agus cathaoireacha.</p>					

## Gné 5: Acmhainní lasmuigh

Cuimsíonn ár n-acmhainní lasmuigh	Fianaise ar bith	Roinnt fianaise	Fianaise shuntasach	Fianaise chui-msitheach	Nótaí
12 ábhair agus trealamh atá <b>dea-chothabháilte agus slán sábháilte.</b>					

## Noda machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** maidir le hacmhainní lasmuigh ar ardchaighdeán a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat chun acmhainní lasmuigh ar ardchaighdeán a sholáthar do naíonáin agus do lapadáin.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.